

LÉANN:

cúrsaí stíle agus córas tagartha

POINTÍ GINEARÁLTA

Ní mór don údar:

- **fotheidil** a úsáid i gcorp an ailt, más féidir, agus liosta a thabhairt de na fotheidil sin ag tús an ailt
- an córas ‘**údar + dáta**’ (m.s. Titley 1998: 234) a úsáid san aiste; leathstad a úsáid idir tagairtí más gá (m.s. Ó Foghludha 1933: 9; Ó Cadhla 2000: 15); agus amparsan a úsáid má tá breis is údar amháin ann (m.s. Wagner & Ó Baoill 1969: 283)
- **uimhreacha** leathanach/línte a scríobh mar seo: 161-63 (seachas 161-3)
- **fonótaí** a chur ag bun an leathanaigh, seachas ag deireadh an ailt
- liosta iomlán **tagairtí** a chur ar fáil ag deireadh an ailt

SLEACHTA

- má tá níos lú ná 40 focal i sliocht, úsáidtear uaschamóga singile, agus ní dhéantar an sliocht a scaradh leis an chuid eile den téacs
- má tá breis is 40 focal i sliocht, ní úsáidtear uaschamóga, agus is gá an téacs a eangú ar dheis agus ar chlé, agus líne a fhágáil roimhe agus ina dhiaidh
- má chuireann an t-údar le sliocht, bíodh na focail bhreise idir lúibíní cearnógacha
- má bhaineann an t-údar de shliocht, cuirtear an méid sin in iúl leis an chomhartha [...]
- tá sleachta in aon teanga seachas Gaeilge nó Béarla le haistriú go Gaeilge, agus le cur idir lúibíní cearnógacha; is féidir an t-aistriúchán a chur ar fáil mar chuid den téacs nó i bhfonóta
- caithfidh an t-údar a bheith cinnte nach bhfuil úsáid sleachta ag teacht salach ar aon chóipcheart, agus cead a lorg i dtaca le cúrsaí cóipchirt más gá

TAGAIRTÍ D'FHOCLÓIRÍ

I gcorp na haiste, is féidir uimhir an leathanaigh a úsáid (m.s. Dwelly 1973: 83); nó is féidir tagairt a dhéanamh don fhocal féin (m.s. *FGB* s.v. *córaid*).

CÓRAS TAGARTHA

NODA

| | |
|-----|---|
| ARÉ | Acadamh Ríoga na hÉireann. |
| BÁC | Baile Átha Cliath |
| CT | Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. |
| LS | Lámhscríbhinn. |

FOINSÍ GIORRAITHE

| | |
|-----|---|
| ALC | <i>Annála Locha Cé</i> , in eagar ag W.M. Hennessy, 2 iml. (Londain: Her Majesty's Stationery Office, 1871). |
| FM | <i>Annála Ríoghachta Éireann. The Annals of the Kingdom of Ireland by the Four Masters</i> , in eagar ag John O'Donovan, 7 iml. (Baile Átha Cliath: Hodges & Smith, 1856; athchló Baile Átha Cliath: Burke/de Búrca, 1994). |
| IED | <i>Foclóir Gaedhilge agus Béarla. An Irish-English Dictionary</i> , Patrick S. Dinneen (Baile Átha Cliath: Cumann na Scríbhneann nGaedhilge, eagrán 1934). |
| OED | <i>Oxford English Dictionary</i> , iml. ii (Oxford: Clarendon Press 1989; an chéad eagrán 1927). |

SUÍMH IDIRLÍN

<www.toniolo@iol.it> *La Vita di Benvenuto Cellini Fiorentino* (Edizione HTML)

TAGAIRTÍ DE RÉIR ÚDAIR

LEABHAIR:

ABBOTT, T.K. agus GWYNN, E.J. (1921). *Catalogue of the Irish Manuscripts in the Library of Trinity College, Dublin* (Baile Átha Cliath: Hodges, Figgis).

Ó CUÍV, BRIAN (2001). *Catalogue of Irish Language Manuscripts in the Bodleian Library at Oxford and Oxford College Libraries*, iml. I (Baile Átha Cliath: Institiúid Ardléinn Bhaile Átha Cliath).

WALSH, PAUL (2003). *Irish Leaders and Learning through the Ages*, in eagar ag Nollaig Ó Muraíle (Baile Átha Cliath: Four Courts Press).

ATHEAGRÁIN / ATHCHLÓNNA

NICHOLLS, K.W. (2003). *Gaelic and Gaelicized Ireland in the Middle Ages* (Baile Átha Cliath: Lilliput Press; 1ú eagrán, Baile Átha Cliath: Gill & Macmillan, 1972).

Ó MURAÍLE, NOLLAIG (1996). *The Celebrated Antiquary: Dubhaltach Mac Fhirbhisigh (c. 1600-1671) – His Lineage, Life and Learning* (Maigh Nuad: An Sagart; athchló 2002).

AILT I LEABHAIR

BLACK, RONALD I.M. (1989). 'The Gaelic Manuscripts of Scotland', in William Gillies (eag.), *Gaelic and Scotland/Alba agus a' Ghàidhlig* (Dún Éideann: Edinburgh University Press), 146-74.

Ó MURAÍLE, NOLLAIG (1999). 'Irish Genealogical Collections – the Scottish Dimension', in Black, Gillies & Ó Maolalaigh (eagí), *Celtic Connections* [luaite cheana], 251-64.

AILT IN IRISÍ

BREATNACH, PÁDRAIG A. (1986). 'Une Poème d'Écho en Irlandais Moderne', *Études Celtiques* 23: 157-62.

Ó DOIBHLIN, DIARMAID (1999-2000). 'Na Lámhscríbhinní Caillte – Don. 7 agus Don. 8'. *Seanchas Ard Mhacha* 18.1: 117-33.

DÁTAÍ

Leagan Gaeilge le húsáid má tá eilimint den dáta le cur i bhfocail:

RYAN, MICHAEL (1976). 'Self-De(con)struction', *Diacritics*, Earrach: 34-41.

EDWARDS, RUTH DUDLEY (2002). 'Troubles Nurtured and Let Go', *Irish Times*, 18 Bealtaine: 8.

ÁIT FHOILSITHE

Leagan Gaeilge le húsáid más féidir:

BANNERMAN, JOHN (1986). *The Beatons: A Medical Kindred in the Classical Gaelic Tradition* (Dún Éideann: John Donald).

HILL, GEORGE (1873). *An Historical Account of the McDonnells of Antrim* (Béal Feirste, Archer & Sons).

SPEARS, R.A. (1981). *Slang and Euphemism* (Nua Eabhrac: David Publishers).

TRÁCHTAIS NEAMHFHOILSITHE

FITZSIMONS, EILIS M. (2000). 'Mochua of Nendrum: A Study of a Cult' (Tráchtas M.Phil., Ollscoil na Banríona, Béal Feirste).

CDROM

Ó BAOILL, COLM agus Ó DOCHARTAIGH, CATHAIR (2005). *Trí Rainn agus Amhráin* [CDRom] (Ceann Drochaid, Peairt: Clann Tuirc).

LÉIRMHEASTÓIREACHT

Ó TUATHAIL, ÉAMONN (1940a). Léirmheas ar Níc Philibín, *Na Caisidigh agus a gCuid Filíochta*, *Éigse* 1, 150-56.

NÍOS MÓ NÁ FOILSEACHÁN AMHÁIN IN AON BHLIAIN AMHÁIN

Ó TUATHAIL, ÉAMONN (1940a). Léirmheas ar Níc Philibín, *Na Caisidigh agus a gCuid Filíochta*, *Éigse* 1, 150-56.

——— (1940b). 'Notes on the O'Cassidy Scribes', *Éigse* 2, 163-66.